Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Deireadh Fómhair 2025
(OR. en)

13526/25

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0320 (NLE)**

**ENV 942**
**COMER 129**
**MI 730**
**ONU 59**
**CONSOM 196**
**SAN 595**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 3 Deireadh Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 633 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an séú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Minamata maidir le Mearcair a mhéid a bhaineann le glacadh cinntí lena leasaítear an Coinbhinsiún sin maidir le táirgí ina bhfuil comhábhar de mhearcair agus próisis mhonaraíochta ina n-úsáidtear mearcair nó comhdhúile mearcair |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 633 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 633 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 3.10.2025
COM(2025) 633 final

2025/0320 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an séú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Minamata maidir le Mearcair a mhéid a bhaineann le glacadh cinntí lena leasaítear an Coinbhinsiún sin maidir le táirgí ina bhfuil comhábhar de mhearcair agus próisis mhonaraíochta ina n-úsáidtear mearcair nó comhdhúile mearcair**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh (AE), ag an séú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe ('COP6') i gCoinbhinsiún Minamata maidir le Mearcair ('an Comhaontú') maidir le cinntí i ndáil le trádáil comhdhúl mearcair agus lena leasaítear Iarscríbhinní A agus B a ghabhann leis an gCoinbhinsiún atá beartaithe a ghlacadh. Sna na hIarscríbhinní sin, leagtar amach liosta de tháirgí ina bhfuil comhábhar de mhearcair agus liosta de phróisis mhonaraíochta ina n-úsáidtear mearcair nó comhdhúile mearcair ('próisis mhearcair'), atá faoi réir dátaí céimnithe amach nó faoi réir forálacha lena rialaítear úsáid mhearcair[1].

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. Coinbhinsiún Minamata maidir le Mearcair ('an Comhaontú')

Is é an Comhaontú an príomhchreat dlíthiúil idirnáisiúnta chun sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint ar astaíochtaí antrapaigineacha agus ar scaoileadh próisis mhearcair agus comhdhúl mearcair isteach san aer, san uisce agus sa talamh. Tugtar aghaidh ann ar shaolré iomlán an mhearcair, ó mhianadóireacht phríomhúil mearcair go diúscairt dramhaíola mearcair. Tháinig sé i bhfeidhm an 16 Lúnasa 2017. Tá an tAontas Eorpach ina Pháirtí sa Chomhaontú[2]. Tá na Ballstáit uile ina bPáirtithe freisin.

I gcomhréir le hAirteagal 3, mír 13 den Chomhaontú, ceanglaítear ar Chomhdháil na bPáirtithe ('COP') a mheas an gcuimsíonn an trádáil i gcomhdhúile sonracha mearcair cuspóir an Chomhaontaithe agus a mheas ar cheart comhdhúile sonracha mearcair, trína liostú in iarscríbhinn nua bhreise i gcomhréir le hAirteagal 27 den Chomhaontú, a chur faoi réir mhíreanna 6 agus 8 d'Airteagal 3 den Chomhaontú.

I gcomhréir le hAirteagal 3, mír 6 den Chomhaontú, 'ní cheadóidh gach Páirtí onnmhairiú mearcair ach amháin chuig Páirtí a thug a thoiliú i scríbhinn don Pháirtí onnmhairiúcháin nó do neamh-Pháirtí a thug a thoiliú i scríbhinn don Pháirtí onnmhairiúcháin'.

De bhun Airteagal 3, mír 8 den Chomhaontú, 'ní cheadóidh gach Páirtí allmhairiú mearcair ó neamh-Pháirtí dá dtabharfaidh sé a thoiliú i scríbhinn mura mbeidh deimhniú tugtha ag an neamh-Pháirtí nach ó fhoinsí a shainaithnítear mar fhoinsí nach gceadaítear faoi mhír 3 nó 5(b) atá an mearcair'.

De bhun Airteagal 4, mír 1 den Chomhaontú, na táirgí ina bhfuil comhábhar de mhearcair agus atá liostaithe i gCuid I d'Iarscríbhinn A (e.g. lampaí fluaraiseacha áirithe), ní féidir iad a mhonarú, a allmhairiú ná a onnmhairiú a thuilleadh tar éis na ndátaí céimnithe amach a shonraítear san Iarscríbhinn sin.

I gcomhréir le hAirteagal 4, mír 3, glacfaidh na Páirtithe bearta chun úsáid mearcair a rialáil i leith na dtáirgí ina bhfuil comhábhar de mhearcair agus atá liostaithe i gCuid II d'Iarscríbhinn A.

---

[1] Chun críoch an doiciméid seo, an nath 'úsáid mearcair a rialú', cumhdaítear leis ceanglais chineálacha mar shampla iad siúd a bhunaítear i gCuid II d'Iarscríbhinn A agus d'Iarscríbhinn B a ghabhann leis an gComhaontú.

[2] Cinneadh (AE) 2017/939 ón gComhairle an 11 Bealtaine 2017 maidir le tabhairt i gcrích Choinbhinsiún Minamata maidir le Mearcair thar ceann an Aontais Eorpaigh (IO L 142, 2.6.2017, lch. 4).

I gcomhréir le hAirteagal 5, mír 2, na próisis mhearcair a liostaítear i gCuid I d'Iarscríbhinn B (e.g. táirgeadh clór-alcaile), ní mór deireadh a chur le húsáid a bhaint as mearcair nó comhdhúile mearcair faoi na dátaí céimnithe amach a leagtar amach inti.

De bhun Airteagal 5, mír 3, glacfaidh na Páirtithe bearta chun úsáid mearcair a rialáil sna próisis mhearcair a liostaítear i gCuid II d'Iarscríbhinn B, lena n-áirítear é sin maidir le tiontú go próisis saor ó mhearcair, nuair atá sé sin indéanta go heacnamaíoch agus teicniúil.

Leagtar síos in Airteagail 26 agus 27 na rialacha bunúsacha maidir le, *inter alia*, tíolacadh tograí ó na Páirtithe chun na hIarscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú a leasú, chomh maith le tograí le haghaidh ghlacadh agus theacht i bhfeidhm na nIarscríbhinní leasaithe. Ní mór do Rúnaíocht an Chomhaontaithe ('an Rúnaíocht') tograí chun na hIarscríbhinní a leasú a chur in iúl do na Páirtithe uile 6 mhí ar a laghad roimh Chomhdháil na bPáirtithe ag a bhfuil sé beartaithe iad a ghlacadh. Glactar Iarscríbhinní leasaithe atá beartaithe i gcomhréir leis na rialacha vótála a leagtar síos in Airteagal 26, mír 3 agus i gCinneadh MC-1/1 maidir le Rialacha Nós Imeachta a ghlac COP ag a chéad chruinniú (24-29 Meán Fómhair 2017)[3]. Ní bhfuair an Rúnaíocht aon togra den sórt sin lena bhreithniú ag COP6.

Mar sin féin, chinn COP i gCinneadh MC-5/4 togra a mheas ag COP6 chun Codanna I agus II d'Iarscríbhinn A maidir le malgam fiaclóireachta a leasú. D'eascair an téacs atá beartaithe sa chinneadh sin as an mbreithniú a rinne COP ar an togra bunaidh, a chuir an Bhotsuáin agus Buircíne Fasó isteach thar ceann réigiún na hAfraice agus a cuireadh in iúl do na Páirtithe an 27 Aibreán 2023, 6 mhí roimh COP5.

Glacadh Cinneadh MC-5/6 ag COP5. Leis an gcinneadh sin, iarradh ar na Páirtithe agus ar na heagraíochtaí ábhartha faisnéis a chur isteach go deonach, faoin 31 Márta 2025, maidir le roghanna malartacha atá indéanta go teicniúil agus go heacnamaíoch ar úsáid mearcair agus comhdhúl mearcair i dtáirgeadh monaiméara clóiríde vinile, i gcomhréir le hAirteagal 5, mír 8 agus Airteagal 17, mír 1 den Chomhaontú.

Tagann leasú ar Iarscríbhinn i bhfeidhm do na Páirtithe uile bliain amháin tar éis do Thaiscí an Chomhaontaithe a ghlacadh a chur in iúl, cé is moite de na Páirtithe sin a bhfuil dearbhú ábhartha déanta acu i gcomhréir le hAirteagal 30, mír 5. Níl dearbhú den sórt sin déanta ag an Aontas, mar sin tá feidhm ag an riail ghinearálta i dtaca le teacht i bhfeidhm Iarscríbhinní leasaithe nó Iarscríbhinní nua maidir leis.

## 2.2. Comhdháil na bPáirtithe ('COP')

Déanann COP na feidhmeanna a shanntar dó leis an gComhaontú. Chuige sin, déanfaidh sé *inter alia* aon bheart a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil a mheas agus a ghabháil air féin chun cuspóirí an Chomhaontaithe a bhaint amach, lena n-áirítear treoirlínte ábhartha a ghlacadh.

De réir Airteagal 28 den Chomhaontú agus Chinneadh MC-1/1 atá luaite thuas, tá vóta amháin ag gach páirtí. Mar sin féin, déanann an tAontas, mar eagraíocht réigiúnach um chomhtháthú eacnamaíochta, a cheart vótála a fheidhmiú maidir le hábhair a thagann faoina inniúlacht, agus líon vótaí aige atá cothrom le líon a chuid Ballstát atá ina bPáirtithe sa Chomhaontú. Ní dhéanfaidh an tAontas a cheart vótála a fheidhmiú má fheidhmíonn aon cheann dá chuid Ballstát a cheart vótála, agus *vice versa*.

[3] Cinneadh MC-1/1 *Rialacha nós imeachta*, UNEP/MC/COP1/Dec. 1 (le fáil ag: http://www.mercuryconvention.org/Meetings/COP1/Decisions/tabid/8648/language/en-US/Default.aspx).

## 2.3. Cinntí a d'fhéadfaí a dhéanamh ag COP6

Meastar go nglacfaidh COP6 cinneadh maidir le soláthar agus trádáil comhdhúl mearcair.

Breithneoidh COP6 freisin cinneadh a ghlacadh a bhaineann leis an trádáil i gcomhdhúile mearcair. Leis an ngníomh atá beartaithe, d'fhéadfaí iarscríbhinn bhreise a ghabhann leis an gComhaontú a bhunú lena liostófaí comhdhúile mearcair a chuirfí faoi réir nósanna imeachta i scríbhinn maidir le toiliú de bhun Airteagal 3, míreanna 6 agus 8 den Chomhaontú. Áirítear an méid seo a leanas ar liosta na gcomhdhúl mearcair a d'fhéadfaí a liostú:

(1) clóiríd mhearcair (I)

(2) suilfíd mhearcair (II)

(3) cionnabar

(4) ocsaíd mhearcair (II)

(5) sulfáit mhearcair (II)

(6) níotráit mhearcair (II)

(7) aicéatáit mhearcair (II)

(8) clóiríd mhearcair (II)

(9) iaidíd mhearcair (II)

(10) mearcair aimídeaclóiríd (II)

Tá coinne leis freisin go nglacfaidh COP6 cinneadh amháin nó níos mó chun Iarscríbhinní A agus B a ghabhann leis an gComhaontú a leasú.

Ar an gcéad dul síos, breithneoidh COP6 na leasuithe atá beartaithe ar **Chuid I d'Iarscríbhinn A**, d'fhonn cinneadh a ghlacadh ina leith, de réir mar is iomchuí. Leis na leasuithe, bhainfí na lúibíní timpeall na hiontrála ar **mhalgam fiaclóireachta** chomh maith leis an dáta céimnithe amach comhfhreagrach (2030). Dá bhrí sin, bheadh an iontráil faoi réir toirmeasc ar mhonarú, ar allmhairiú agus ar onnmhairiú ar dhátaí sonraithe céimnithe amach nó faoi réir bearta lena rialaítear úsáid mearcair. Breithneoidh COP6 freisin an togra chun **Cuid II d'Iarscríbhinn A** a leasú a thuilleadh trí fhorálacha breise maidir le malgam fiaclóireachta a chur léi.

Ar an dara dul síos, breithneoidh COP6 cinneadh a ghlacadh, de réir mar is iomchuí, bunaithe ar thuarascáil chríochnaitheach na Rúnaíochta maidir le dúshláin lena gcuirtear cosc ar mhonarú, allmhairiú agus onnmhairiú **cosmaidí** a liostaítear i g**Cuid I d'Iarscríbhinn A** agus maidir le bearta reatha nó beartaithe arna ndéanamh ag na Páirtithe chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin.

Ar an tríú dul síos, breithneoidh COP6 leasú ar Iarscríbhinn B chun a shuí go bhfuil catalaígh saor ó mhearcair atá bunaithe ar phróisis atá ann cheana indéanta go teicniúil agus go heacnamaíoch agus go bhfuil siad chun tairbhe shláinte an duine agus an chomhshaoil. Leis sin, spreagfaí dáta céimnithe amach uathoibríoch tráth nach déanaí ná 5 bliana tar éis COP6 (i.e. faoi 2030) d'fhonn cinneadh a ghlacadh, de réir mar is iomchuí. Tá an leasú sin bunaithe ar thuarascáil na Rúnaíochta maidir le hindéantacht theicniúil agus eacnamaíoch catalaíoch saor ó mhearcair i dtáirgeadh monaiméara clóiríde vinile ('VCM'), atá bunaithe ar fhaisnéis a

chuir na Páirtithe agus na heagraíochtaí ábhartha isteach agus a leagtar amach i ndoiciméad UNEP/MC/COP.6/INF/9.3. An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais

**3. An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais**

Is é is cuspóir atá ag an Aontas deireadh a chur de réir a chéile le húsáid mearcair ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal domhanda, a ghasta agus a iomláine is féidir, i gcás ina bhfuil roghanna malartacha inmharthana ann[4]. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, is gá, go háirithe, deireadh a chur de réir a chéile le táirgí ina bhfuil comhábhar de mhearcair agus próisis mhearcair a thiontú go próisis neamh-mhearcair, nuair is inmharthana, indéanta go teicniúil agus nuair a rachaidh sin chun tairbhe do shláinte an duine agus don chomhshaol.

Dá ndéanfaí dul chun cinn ar an leibhéal domhanda i dtreo an chuspóra sin a bhaint amach, rannchuideofaí leis an Uaillmhian maidir le Truailliú Nialasach a bhaint amach le haghaidh timpeallacht atá saor ó thocsainí mar atá leagtha amach sa Chomhaontú Glas don Eoraip[5]. Bheadh sé sin ina chuidiú freisin le cur chun feidhme Straitéis Ceimiceán an Aontais um an Inbhuanaitheacht 2020[6], ina bhfuil gealltanas tugtha ag an gCoimisiún Eorpach ról ceannasach a choinneáil ar bun ar an leibhéal idirnáisiúnta maidir le bainistiú fónta ceimiceán, lena n-áirítear é sin trí chaighdeáin an Aontais a chur chun cinn ar fud an domhain. Bheadh sé i gcomhréir freisin le huaillmhianta athchóirithe an Aontais maidir le hiomaíochas glan agus ciorclach, mar a chumhdaítear, *inter alia*, sa Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan[7] agus sa Straitéis maidir le hAthléimneacht i Réimse an Uisce[8].

***Soláthar agus trádáil comhdhúl mearcair***

Is é a bheidh sa seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag COP6 tacú le glacadh iarscríbhinne breise a ghabhann leis an gComhaontú, ina liostaítear comhdhúile mearcair atá faoi réir toiliú i scríbhinn i gcomhréir le hAirteagal 3, míreanna 6 agus 8 den Chomhaontú, i gcás ina bhfuil sé sin comhsheasmhach le *acquis* an Aontais (i.e. comhdhúile mearcair atá faoi réir toirmeasc ar onnmhairiúchán cheana féin a liostú faoi Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán maidir le Mearcair).

Tá an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais bunaithe ar an bhfíoras go dtoirmisctear leis an Rialachán maidir le Mearcair[9] onnmhairiú comhdhúl mearcair áirithe, i gcomhréir le hIarscríbhinn III maidir le comhdhúile mearcair faoi réir Airteagal 3, míreanna 2 agus 3 agus

---

4 Féach Conclúidí ón gComhairle an 14 Márta 2011 '*Review of the Community Strategy concerning Mercury*' ['Athbhreithniú ar Straitéis an Chomhphobail maidir le Mearcair']

5 Teachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, *An Comhaontú Glas don Eoraip*, COM(2019) 640 final.

6 Teachtaireacht ón gCoimisiún an 14 Deireadh Fómhair 2020 chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste Eorpach na Réigiún, *Straitéis Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht i dTreo Timpeallacht atá Saor ó Thocsainí* (COM (2020) 667 final).

7 Teachtaireacht ón gCoimisiún an 26 Feabhra 2025 chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, *An Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan: Treochlár comhpháirteach don iomaíochas agus don dícharbónú*, COM(2025) 85 final.

8 Teachtaireacht ón gCoimisiún an 4 Meitheamh 2025 chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, *Straitéis Eorpach maidir le hAthléimneacht i Réimse an Uisce*, COM(2025) 280 final.

9 Rialachán (AE) 2017/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2017 maidir le mearcair, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1102/2008 (IO L 137, 24.5.2017, lch. 1).

Airteagal 7, mír 3. Áirítear an méid seo a leanas ar na comhdhúile mearcair atá faoi réir toirmeasc ar onnmhairiú:

- clóiríd mhearcair (I) ($Hg_2Cl_2$, CAS RN 10112-91-1)
- ocsaíd mhearcair (II) (HgO, CAS RN 21908-53-2)
- mian chionnabair
- suilfíd mhearcair (HgS, CAS RN 1344-48-5)
- sulfáit mhearcair (II) ($HgSO_4$, CAS RN 7783-35-9)
- níotráit mhearcair (II) ($Hg(NO_3)_2$, CAS RN 10045-94-0)

***Athbhreithniú ar Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gComhaontú lena leagtar amach an liosta de tháirgí ina bhfuil comhábhar de mhearcair atá faoi réir toirmeasc ar mhonarú, ar allmhairiú agus ar onnmhairiú nó faoi réir ceanglais maidir le húsáid mearcair.***

Is é a bheidh i seasamh an Aontais ag COP6 tacú le glacadh an ghnímh atá beartaithe atá comhsheasmhach le *acquis* an Aontais nó táirgí ina bhfuil comhábhar de mhearcair a bhfuil toirmeasc orthu cheana féin faoina bheith á gcur ar mhargadh an Aontais, agus ar féidir roghanna malartacha saor ó mhearcair a chur ina n-ionad, ar roghanna iad a bhfuil sé cruthaithe ina leith go bhfuil siad indéanta go heacnamaíoch agus go teicniúil agus go bhfuil siad chun tairbhe shláinte an duine agus an chomhshaoil.

Tá seasamh an Aontais bunaithe ar an dá ghné seo a leanas.

Le hAirteagal 10, mír 7 den Rialachán athbhreithnithe maidir le Mearcair, cuirtear toirmeasc ar úsáid agus onnmhairiú malgaim fiaclóireachta ón Aontas. Tá toirmeasc ar mhalgam fiaclóireachta a allmhairiú agus a mhonarú ón 1 Iúil 2026. De mhaolú air sin, ceadaítear allmhairiú agus monarú malgaim fiaclóireachta le haghaidh riachtanais shonracha leighis na n-othar.

Le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán maidir le Mearcair, toirmisctear cosmaidí ina bhfuil mearcair agus comhdhúile mearcair a onnmhairiú, a allmhairiú agus a mhonarú, ach amháin sna cásanna speisialta sin a áirítear in iontrálacha 16 agus 17 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán maidir le Cosmaidí[10].

***Athbhreithniú ar Iarscríbhinn B a ghabhann leis an gComhaontú ina leagtar amach liosta na bpróiseas mearcair atá faoi réir dáta 'céimniú amach' nó faoi réir ceanglais maidir le húsáid mearcair.***

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag COP6 tacú le glacadh an ghnímh atá beartaithe chun dáta céimnithe amach a thabhairt isteach le haghaidh monaiméir clóiríde vinile agus forálacha lena rialaítear úsáid mearcair a neartú trí dhualgas a chur leis, go háirithe, gan na hacmhainneachtaí táirgeachta a mhéadú faoin dáta céimnithe amach ábhartha.

An seasamh sin atá le glacadh thar ceann an Aontais, tá sé bunaithe ar na trí phointe seo a leanas.

---

[10] Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le táirgí cosmaideacha (IO L 342, 22.12.2009, lch. 59).

Le dlí an Aontais (go háirithe Airteagal 7, míreanna 1 agus 3, agus Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán maidir le Mearcair), rinneadh Airteagal 5, míreanna 2 agus 3, agus Iarscríbhinn B a ghabhann leis an gComhaontú a thrasuí ar bhonn níos déine.

Cumhdaítear in Iarscríbhinn B a ghabhann leis an gComhaontú cúig phróiseas shonracha mearcair (táirgeadh clór-alcailí, aicéataildéid, monaiméara clóiríde vinile, alcóláití agus polúireatáin), ach tá foráil uileghabhálach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán maidir le Mearcair lena dtoirmisctear, ar dhátaí sonraithe céimnithe amach, mearcair nó comhdhúile mearcair a úsáid sna próisis mhonaraíochta uile san Aontas, (i.e. nuair a úsáidtear mar chatalaíoch (1 Eanáir 2018) nó mar leictreoid (1 Eanáir 2022) é. Dá bhrí sin, tá raon feidhme chur i bhfeidhm an toirmisc sin oscailte faoi dhlí an Aontais.

Leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán maidir le Mearcair roinnt dátaí maolaithe céimnithe amach le haghaidh táirgeadh monaiméara clóiríde vinile, alcóláití agus polúireatáin, ach tá na forálacha sin níos déine ná Iarscríbhinn B a ghabhann leis an gComhaontú. Cé go bhfuil toirmeasc curtha ag an Rialachán maidir le Mearcair ar úsáid mearcair le haghaidh táirgeadh monaiméara clóiríde vinile ón 1 Eanáir 2022, ní chuirtear srian sa chomhaontú ach le húsáid mearcair agus sonraítear ann go bhfuil sé d'aidhm ag na Páirtithe deireadh a chur de réir a chéile leis an úsáid sin 5 bliana tar éis do COP a chinneadh go bhfuil roghanna malartacha atá saor ó mhearcair tagtha chun bheith indéanta go teicniúil agus go heacnamaíoch (VCM). Leis an athbhreithniú ar Iarscríbhinn B, tugtar deis an bhearna a laghdú idir dlí an Aontais atá níos déine faoi láthair agus an Comhaontú nach bhfuil chomh dian céanna. Bhainfí é sin amach trí dhátaí céimnithe amach a chur le hIarscríbhinn B le haghaidh táirgeadh monaiméara clóiríde vinile ina n-úsáidtear mearcair, i gcomhréir le *acquis* an Aontais agus próisis mhalartacha atá saor ó mhearcair atá ar fáil cheana agus atá indéanta go teicniúil agus go heacnamaíoch á gcur san áireamh an tráth céanna.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

Le hAirteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) rialaítear cinntí lena mbunaítear 'na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe'.

Thairis sin, cuimsítear sa choincheap 'gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua na rialacha de chuid an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Cuimsítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh 'tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh'[11].

#### *4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é COP a bunaíodh le comhaontú, is é sin Coinbhinsiún Minamata maidir le Mearcair.

Na gníomhartha a iarrtar ar COP a ghlacadh, baineann siad leis an bhféidearthacht Iarscríbhinn nua a ghabhann le Coinbhinsiún Minamata maidir le Mearcair a ghlacadh, chomh

[11] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, *an Ghearmáin* v *an Chomhairle*, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

maith le leasú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar dhá Iarscríbhinn atá ann cheana. Ós rud é, de bhun Airteagal 27, mír 1 de Choinbhinsiún Minamata maidir le Mearcair, gur cuid dhílis den Choinbhinsiún iad na hIarscríbhinní, is gníomhartha iad na gníomhartha atá beartaithe a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo toisc go bhfuil siad ceangailteach ó thaobh dlí ar na Páirtithe de bhun an dlí idirnáisiúnta.

Leis na gníomhartha atá beartaithe, ní dhéantar creat institiúideach an Chomhaontaithe a fhorlíonadh ná a leasú.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE is bunús dlí nós imeachta don chinneadh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

#### *4.2.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar inneachar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Más rud é (i) go saothraítear dhá aidhm leis an ngníomh atá beartaithe nó go bhfuil dhá chomhpháirt ann; agus (ii) más féidir a shainaithint gur príomhaidhm nó príomh-chomhpháirt atá i gceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin (agus gan sa cheann eile ach aidhm nó comhpháirt theagmhasach), ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a cheanglaítear leis an bpríomhaidhm nó leis an bpríomh-chomhpháirt.

#### *4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Baineann príomhchuspóir agus príomhábhar na ngníomhartha atá beartaithe le cosaint an chomhshaoil agus shláinte an duine.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 192(1) CFAE an bunús dlí substainteach leis an nós imeachta maidir leis an gcinneadh atá beartaithe.

### 4.3. Conclúid

Is é an bunús dlí ba cheart a bheith leis an gcinneadh atá beartaithe Airteagal 192(1) CFAE i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

2025/0320 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an séú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Minamata maidir le Mearcair a mhéid a bhaineann le glacadh cinntí lena leasaítear an Coinbhinsiún sin maidir le táirgí ina bhfuil comhábhar de mhearcair agus próisis mhonaraíochta ina n-úsáidtear mearcair nó comhdhúile mearcair**

## TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh (AE) 2017/939 ón gComhairle[12], thug an tAontas Coinbhinsiún Minamata maidir le Mearcair[13] ('an Comhaontú') i gcrích agus tháinig sé i bhfeidhm an 16 Lúnasa 2017.

(2) De bhun Airteagal 27 i gcomhar le hAirteagal 26 den Chomhaontú, féadfaidh Comhdháil na bPáirtithe cinntí a ghlacadh lena nglacfar Iarscríbhinní nua a ghabhann leis an gComhaontú agus lena leasófar na hIarscríbhinní a ghabhann leis atá ann cheana.

(3) Féadfaidh Comhdháil na bPáirtithe, le linn an 6ú cruinniú a bheidh aici an 3-7 Samhain 2025, Iarscríbhinn nua a ghabhann leis an gComhaontú a ghlacadh, ina liostófar comhdhúile mearcair faoi réir toiliú i scríbhinn lena n-onnmhairiú, i gcomhréir le hAirteagal 3, míreanna 6 agus 8 den Chomhaontú.

(4) Ina theannta sin, tá coinne leis go nglacfaidh Comhdháil na bPáirtithe sa Chomhaontú cinneadh amháin nó níos mó chun Iarscríbhinní A agus B a ghabhann leis an gComhaontú a leasú. In Iarscríbhinn A tá liosta de tháirgí ina bhfuil comhábhar de mhearcair agus atá faoi réir toirmisc ar mhonarú, ar allmhairiú agus ar onnmhairiú ar dháta sonraithe nó faoi réir bearta rialaithe mearcair. In Iarscríbhinn B tá liosta de phróisis mhonaraíochta ina n-úsáidtear mearcair nó comhdhúile mearcair ('próisis mhearcair') atá faoi réir oibleagáid deireadh a chur le húsáid mearcair ar dháta sonrach nó faoi réir ceanglais maidir le mearcair a rialáil.

(5) Beidh éifeachtaí dlíthiúla ag na gníomhartha atá beartaithe ag Comhdháil na bPáirtithe.

(6) Is gá an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhdháil na bPáirtithe sa Chomhaontú a bhunú.

---

[12] Cinneadh (AE) 2017/939 ón gComhairle an 11 Bealtaine 2017 maidir le tabhairt i gcrích Choinbhinsiún Minamata maidir le Mearcair thar ceann an Aontais Eorpaigh (IO L 142, 2.6.2017, lch. 4).

[13] Cóip dheimhnithe de Choinbhinsiún Minamata maidir le Mearcair, le fáil ag: https://treaties.un.org/doc/Treaties/2013/10/20131010%2011-16%20AM/CTC-XXVII-17.pdf.

(7) Ba cheart don Aontas tacú le glacadh cinntí ag Comhdháil na bPáirtithe sa Chomhaontú lena bhféadfar an bhearna idir dlí an Aontais agus an Comhaontú a laghdú agus atá comhsheasmhach le *acquis* an Aontais maidir leis an méid seo a leanas:

(11) Onnmhairiú comhdhúl mearcair ar tugadh aghaidh orthu cheana faoi Rialachán (AE) 2017/852[14].

(12) Toirmeasc ar mhalgam fiaclóireachta ach an díolúine maidir le malgam fiaclóireachta is gá le haghaidh riachtanais shonracha leighis a choinneáil ar bun, i gcomhréir le hAirteagal 10, mír (2a) de Rialachán (AE) 2017/852 maidir le mearcair.

(13) An toirmeasc ar phróisis mhearcair atá toirmiscthe cheana féin faoi Rialachán (AE) 2017/852 maidir le mearcair faoi dhátaí sonraithe nó a chuirtear faoi réir ceanglais níos déine lena rialaítear úsáid mearcair.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an séú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe sa Chomhaontú, tacú le glacadh na nithe seo a leanas:

(i) cinneadh lena mbunaítear Iarscríbhinn nua a ghabhann leis an gcomhaontú ina liostaítear comhdhúile mearcair atá faoi réir srian ar onnmhairiú i gcomhréir le hAirteagal 3, míreanna (6) agus (8) den Chomhaontú;

(ii) cinntí lena leasaítear Iarscríbhinn A atá comhsheasmhach le *acquis* an Aontais maidir le malgam fiaclóireachta agus le cosmaidí;

(iii) cinneadh lena leasaítear Iarscríbhinn B chun a áirithiú go gcuirfear deireadh de réir a chéile le próisis mhearcair atá toirmiscthe cheana féin faoi Rialachán (AE) 2017/852 maidir le mearcair faoi dhátaí sonraithe nó go gcuirfear faoi réir ceanglais níos déine iad lena rialaítear úsáid mearcair.

*Airteagal 2*

Féadfar teacht ar chomhaontú maidir le mionathruithe teicniúla ar an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1 gan cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

[14] Rialachán (AE) 2017/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2017 maidir le mearcair, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1102/2008 (IO L 137, 24.5.2017, lch. 1).